2026/2562

20.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2562 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297 a mhéid a bhaineann leis an liosta calafort trasloingsithe coimeádán comharsanach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3ga(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297 ón gCoimisiún ([2]), liostaítear calafoirt East Port Said (an Éigipt) agus Tanger Med (Maracó) mar chalafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha i gcomhréir le hAirteagal 3ga(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/87/CE.

(2) Tá an méid sin ag teacht leis na sonraí is déanaí atá ar fáil ina léirítear go leanann East Port Said (an Éigipt) agus Tanger Med (Maracó) de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3ga(2), an dara fomhír, de Threoir 2003/87/CE a chomhlíonadh.

(3) Tá calafoirt Abu Qir agus Damietta na hÉigipte lonnaithe níos lú ná 300 muirmhíle ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit. Le linn na tréimhse 12 mhí is déanaí a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ina leith, bhí sciar an trasloingsithe coimeádán ag na calafoirt sin níos mó ná 65 % dá dtréchur iomlán coimeádán. Ní chuireann an Éigipt bearta i bhfeidhm atá coibhéiseach le Treoir 2003/87/CE i leith na gcalafort sin. Dá bhrí sin, comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3ga(2) de Threoir 2003/87/CE agus ba cheart calafoirt Abu Qir agus Damietta a liostú mar chalafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297 a leasú dá réir.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2023 lena sainaithnítear calafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2297, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2297/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Calafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha dá dtagraítear in Airteagal 3ga(2) de Threoir 2003/87/CE

Ainm an chalafoirt	Tír
ABU QIR	AN ÉIGIPT
DAMIETTA	AN ÉIGIPT
EAST PORT SAID	AN ÉIGIPT
TANGER MED	MARACÓ'